NETWORKS


# Faire Aimsire ESB Networks: Stáisiún aimsire scoile saor in aisce

## Treoracha Socraithe

### ULLMHÚCHÁN

**Chun do stáisiún aimsire a shocrú, teastóidh na rudaí seo a leanas:**

- Scriúire Phillips
- 3 x cadhnraí AA
- SSID agus pasfhocal Wi-Fi do scoile
- Ríomhaire glúine (molta), táibléad, nó fón
- Suíomh oiriúnach do do stáisiún aimsire mar atá leagtha amach sa lámhleabhar treoracha a chuirtear ar fáil leis an stáisiún aimsire
- Bealach chun an stáisiún aimsire a chur in airde ar an suíomh a roghnaíonn tú. Tá treoracha ar an dóigh leis sin a dhéanamh le fáil sa lámhleabhar faisnéise/ treoracha a chuirtear ar fáil leis an stáisiún aimsire.



### MÚNLA STÁISIÚIN AIMSIRE:

NATIONAL GEOGRAPHIC Wi-Fi Colour Weather Station with 7-in-1 Sensor

Baineann codanna agus uimhreacha na leathanach sa treoir mhearthosaithe seo leis an lámhleabhar a cuireadh ar fáil le do stáisiún aimsire.




Sula leanann tú ar aghaidh, féach codanna 6-10 den lámhleabhar chun eolas a chur ar na codanna den bhonnaonad (glacadóir agus taispeáint laistigh) agus ar an stáisiún aimsire.
Moltar freisin an t-eolas sábháilteachta sa lámhleabhar treoracha a chuirtear ar fáil leis an stáisiún aimsire a léamh.

Nasc chuig Lámhleabhar an Ghléis (Béarla ó leathanach 47): https://www.bresser.com/media/ca/e3/00/1734375134/Manual_9080600_WIFI-Weather-Center-7in1_de-en_NATGEO_v112024a.pdf
Tabhair faoi deara: ní hionann an lámhleabhar digiteach agus an lámhleabhar fisiceach a cuireadh ar fáil le do stáisiún aimsire.

WEATHER Watch

NETWORKS

# 1 CÉIMEANNA SOCRAITHE

## a SUÍOMH NA NGLÉASANNA

Cuir an bonnaonad (glacadóir/taispeáint) agus an stáisiún aimsire (uirlis lasmuigh) gar dá chéile chun tosú.

## b CUIR FOINSE CUMHACHTA LEIS AN MBONNAONAD

- Ceangail an soláthar cumhachta leis an mbonnaonad agus plugáil isteach é.
- Fan go mbeidh an teocht laistigh le feiceáil ar an taispeáint faoin gcolún **IN** (beidh an colún **OUT** bán ag an bpointe seo).

## c CUIR FOINSE CUMHACHTA LEIS AN STÁISIÚN AIMSIRE


- Cuir 3 chadhnra AA isteach sa stáisiún aimsire.
- Seiceáil taispeáint an bhonnaonaid: ba cheart go mbeidh léamha ón stáisiún aimsire le feiceáil sa cholún **OUT** ar chlé laistigh de nóiméad nó dhó. Ní bheidh na luachanna seo cruinn go dtí go mbeidh an stáisiún aimsire suiteáilte ina shuíomh deiridh amuigh faoin aer.

## d SUITEÁIL AN STÁISIÚN AIMSIRE AR DO SHUÍOMH ROGHNAITHE

Lean na céimeanna maidir le suiteáil i **gcodanna 13 agus 14** (leathanaigh 43-96) de lámhleabhar an ghléis.

### Nithe Tábhachtacha le Cur san Áireamh

- Ba cheart an stáisiún aimsire a shuiteáil ar a laghad 1.5 méadar lastuas den talamh.
- Roghnaigh suíomh nach bhfuil bacainní amhail foirgnimh nó crainn ann.
- Dírigh saighead an stáisiúin aimsire ó thuaidh.
- Seachain suíomh inar dócha go mbuailfidh liathróidí peile, etc. an stáisiún aimsire.




## e CRUTHAIGH CUNTAS AR WEATHER CLOUD

Ceangail do ghléas leis an tseirbhís ar líne Weather Cloud. Ligeann na seirbhísí seo duit agus do dhaltaí féachaint ar dhálaí aimsire reatha i bhfíor-am agus rochtain a fháil ar shonraí aimsire fadtéarmacha a bhailíonn do stáisiún aimsire.

**Cuimhnigh do nasc a roinnt leis an oifig tionscadail.**
**esbnweatherwatch@realnation.ie**

**Treoraíonn na céimeanna thall thú trí cheangal le Weather Cloud.**

WEATHER Watch

ESB NETWORKS

# 2 CÉIMEANNA CHUN CEANGAL LE WEATHER CLOUD

**a** Tabhair cuairt ar **Weather Cloud** (weathercloud.net) agus cliceáil ar “Get Started” ag an mbarr ar dheis.

**b** Lean na treoracha agus cruthaigh cuntas.

**c** **Agus tú logáilte isteach i do chuntas, cliceáil "Create Device" agus líon isteach na réimsí seo a leanas:**

- **Ainm:** Ainmnigh do ghléas san fhormáid seo a leanas - *‘Faire Aimsire ESB Networks - [Ainm na Scoile]’*
- **Cineál:** Roghnaigh "Bresser 7-in-1"
- **Cineál Naisc:** Roghnaigh “Pro Weather Link”
- **Suíomh Gréasáin:** (Roghnach)
- **Cur Síos:** Faire Aimsire ESB Networks - Clár Scoileanna
- **Suíomh:** Líon isteach na sonraí suímh ábhartha. Tagraíonn an suíomh seo don áit a suiteálfar an stáisiún aimsire – i.e., do scoil. Roghnaigh “Get Coordinates” agus aimsigh do scoil. Chun an airde a aimsiú, is féidir uirlis amhail What's My Elevation a úsáid. Cuir isteach a airde atá do stáisiún aimsire ón talamh (ba cheart go mbeadh sé 1.5 méadar ar a laghad ón talamh).

**d** Cliceáil ar “Create”.

**e** Ar do chuntas Weather Cloud, cliceáil ar dheilbhín do chuntais (ag an mbarr ar dheis), ansin roghnaigh “Devices”.

**f** Ba cheart go bhfeicfeá liosta de “Your Devices” agus ba cheart go mbeadh an stáisiún aimsire liostaithe ann. Cliceáil “Settings” agus roghnaigh “Link Device”. Tabharfar “Weathercloud ID” agus “Key” duit ag an gcéim seo.

**g** Cóipeáil an dá chód isteach i ndoiciméad nó fág an táb ar oscailt le húsáid níos déanaí.

**Ceangal bonnaonad le Wi-Fi do scoile agus le Seirbhís Weather Cloud chun an socrú a chur i gcrích. Tá sé sin tábhachtach chun ligean duit féin agus do dhaltaí féachaint ar dhálaí aimsire reatha i bhfíor-am agus rochtain a fháil ar shonraí aimsire fadtéarmacha a bhailíonn do stáisiún aimsire.**

WEATHER Watch

NETWORKS

**Roimh leanúint ar aghaidh, iarrtar ort a sheiceáil go bhfuil an bonnaonad ag fáil sonraí ón stáisiún aimsire (chun é sin a dheimhniú, cinntigh go bhfuil na luachanna sa cholún OUT á dtaispeáint ar an mbonnaonad – tá na figiúirí seo á bhfáil ón stáisiún aimsire atá suiteáilte anois i do rogha suímh lasmuigh). Más é sin an cás, lean ar aghaidh leis na céimeanna seo a leanas:**

- Brúigh agus coinnigh síos an cnaipe "Wi-Fi/ Sensor" ar chúl an bhonnaonaid go dtí go mbeidh "AP" ar lasadh ar an scáileán *(ní mór an cnaipe a choinneáil síos go ceann tuairim is 5 shoicind).*
- **Ceangail do ríomhaire glúine/táibléad/fón le líonra Wi-Fi an stáisiúin aimsire.** Is féidir teacht air sin i socruithe Wi-Fi do ghléis ach cliceáil ar an tsiombail Wi-Fi, áit a dtaispeántar na líonraí atá ar fáil. Cuardaigh gléas nua sa liosta ar a bhfuil ainm amhail **PWS-XXXXXX.**
- Agus é ceangailte le Wi-Fi do stáisiúin aimsire, oscail táb/fuinneog nua brabhsálaí agus téigh chuig **192.168.1.1** (clóscríobh é seo isteach sa bharra seoltaí).

Is féidir go dtógfaidh sé cúpla soicind chun an leathanach a lódáil, nó seans go mbeidh ort é a athnuachan.

- **Ar an leathanach socraithe, líon isteach an méid seo a leanas**:

1. **Router:** Roghnaigh líonra Wi-Fi do scoile.
2. **Security Type:** WPA/WPA2 de ghnáth.
3. **Router Password:** Cuir isteach pasfhocal Wi-Fi do scoile.

- **Scrolláil síos go dtí roinn Weather Cloud:**

4. **Station ID:** Cuir isteach an Weather Cloud ID a fuair tú níos luaithe.
5. **Station Key:** Cuir isteach an Key a fuair tú níos luaithe.
6. Scrolláil síos agus cliceáil **Apply.**

## AN CHÉIM DHEIRIDH - ROINN DO NASC.

**Roinn Nasc Weather Cloud do stáisiúin aimsire leis an oifig thionscadail chun comharfhoghlaim agus comhroinnt sonraí le scoileanna eile a éascú!**

1. Logáil isteach in Weather Cloud agus téigh go dtí 'your devices' ach d'íomhá phróifíle a chliceáil sa chúinne ag an mbarr ar dheis.
2. Roghnaigh an roghchlár anuas 'Socruithe' do do ghléas agus roghnaigh 'Faigh Greamán'.
3. Cóipeáil an nasc HTML (láithreáin ghréasáin agus blaganna) agus cuir isteach é ach an méid a leanas a dhéanamh.

Scan Anseo

Úsáid **an fhoirm ar líne seo** nó scan an cód QR chun an fhoirm a rochtain go díreach. Nó, seol ríomhphost le hainm do scoile, le d'uimhir rolla agus le nasc chuig an stáisiúin aimsire chuig **esbnweatherwatch@realnation.ie**

## COMHGHAIRDEAS, TÁ TÚ CRÍOCHNAITHE!

Tar éis duit na socruithe a chur i bhfeidhm, dínascfaidh do ríomhaire glúine/gléas ó Wi-Fi an stáisiúin aimsire agus déanfar é a athcheangal le do Wi-Fi réamhshocraithe. Laistigh de chúpla nóiméad, ba cheart go mbeadh sonraí ó do stáisiún aimsire le feiceáil ar do chuntas Weather Cloud. Féach air am ar bith ar Weather Cloud.

WEATHER Watch